

COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

Bord Bainistíochta

Cruinniú – Dé Céadaoin 29ú de Bhealtaine 2019

12:30 i.n. – 4.00 i.n.

Miontuairiscí Aontaithe – Tuismitheoirí / Caomhnóirí agus Múinteoirí

Tionóladh Cruinniú do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an gCéadaoin an 29ú de Bhealtaine ag 12.30 i.n.

I láthair, bhí Tomás Ó Coistealbha, Cormac Ó Confhaola, Máire Ní Chathasaigh, Pádraig Ó Céarnaigh, Marion Uí Chatháin, Caroline Seoighe agus Gearóidín Ní Chonghaile (Rúnaí/Príomhoide).

Leithscéal ó Seán Ó Tuairisg agus Seán Ó Cionnaigh.

1. Fáilte

Cuireadh fáilte roimh na baill chuig an gcruinniú.

2. Miontuairiscí

Mhol P. Ó Céarnaigh le cuidiú ó M. Ní Chathasaigh go nglacfaí leis na miontuairiscí, agus na miontuairiscí aontaithe do phobal na scoile, a scaipeadh roimh ré.

3. Ag éirí as

Ní raibh aon cheo ag éirí astu.

4. Comhfhreagras

Mhínigh an Príomhoide go raibh comhfhreagras ó Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Socruithe Réasúnta, NEPS agus TUSLA.

5. Tuairisc an Rúnaí

a. Teagasc agus Foghlaim

Bliain 1: Turas Scoile, Lá Spóirt, Scrúduithe Samhraidh, Lá na nGradaim, Siúlóid Pieta, Ceardlann Scríbhneoireachta le Áine Ní Ghloinn, Lá Aclaíochta, Cruinniú le Tuistí Bliain 1 2019/'20

Bliain 2: Turas Scoile, Lá Spóirt, Scrúduithe Samhraidh, Lá na nGradaim, Siúlóid Pieta, Ceardlann Scríbhneoireachta le Áine Ní Ghloinn,

Bliain 3: Cruinniú Tuistí re Rogha Ábhair, Scrúdú Ealaíne, Lá Spóirt, Lá na nGradaim, Siúlóid Pieta,

Bliain 5 Turas Scoile, Lá Spóirt, Scrúduithe Samhraidh, Lá na nGradaim, Turas Ealaíne go BAC, Siúlóid Pieta

Bliain 6: Searmanas na hArdteiste, Lá Spóirt, Lá na nGradaim, Siúlóid Pieta, Scrúdú Nasc Módúil, Scrúdú Foirgníochta, Monatóireacht Eolaíocht Talamhaíocht, Turas Ealaíne go BAC.

b. Forbairt Gairmiúil

Forbairt le Lorcán Ó Callarán le coiste Forbairt na scoile, C Ó Loideáin, F. Ní Bhruadair, M. Nic an Mháistir agus G. Ní Chonghaile.

Tuairisc na hoibre críochnaithe ag an bhfoireann Forbairt.

Lá Gairmiúil JCT ag C Ó Loideáin san Adhmadóireacht.

c. Fás agus Forbairt

Tá 16 dhalta cláraithe don chéad bhliain seo chugainn go dtí seo.

d. Infreastruchtúr agus struchtúr

Suimeanna caiteachais don bhliain 2019 don dáta 29ú de Bhealtaine ar an mbuiséad neamhphá ná €25,797.05.

e. Comhpháirtíoch agus Nascanna

Bhí an Príomhoide i dteanghmháil le CAMHS, NEPS, an Paróiste, na bunscoileanna áitiúla agus an GRETB

6. Tuairisc ó Choiste na dTuistí

Thug C. Seoighe le fios go raibh na dréacht pleananna ar Príobháideachas agus Polasaí Taisceadáin léite agus iad sásta leo. Bhí plé gairid ar an dá polasaí, mhol C. Seoighe an polasaí príobháideachas le tacaíocht ó C. Ó Confhaola. Mhol C, Seoighe go nglacfar le polasaí Taisceadáin le cuidiú Ó M. Uí Chatháin. Mhol M. Uí Chatháin obair, cineáltas agus dílseacht M. Uí Ghormáin mar chúntóir sa scoil le trí bliana déag. Thug T. Ó Coistealbha an-mholadh don sár-obair a bhí déanta aici sa Choláiste ar son a cuid daltaí agus tuismitheoirí na scoile.

7. Tuairisc ar chúrsaí iompraíochta

Thug an Príomhoide le fios nach raibh aon ábhair le tuairisciú.

8. Sláinte agus Sábháilteacht

Thug an Príomhoide le fios go mbeadh oiliúint mar maor dóiteáin á fáil ag foireann na scoile ag tús na scoilbhliana seo chugainn.

9. Bronnadh do M. Uí Ghormáin

Thug an Príomhoide cur síos ar obair M. Uí Ghormáin sa scoil ón mbliain 2006. Déanadh cur síos ar a díograis agus saineolas sa phost. Mhol T. Ó Coistealbha a cuid oibre le daltaí Choláiste Naomh Feichín, bhí gach duine den tuairim go n-aireofaí uainn í an bhliain seo chugainn. Ghuigh an bhord gach rath, deá-shláinte agus saol fada sonasach ar M. Uí Ghormáin, a céile agus a clann.

10. A. R. E

Ós rud é nach raibh aon ghnó eile, tháinig deireadh leis an gcruinniú.

Sínithe: James Ó Coistealbha
Cathaoirleach

Dáta: 4/11/2019